Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Iúil 2019**
**(OR. en)**

**11253/19**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2019/0140(NLE)**

**UD 210**
**OCDE 8**
**PI 109**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Choiste Rialachais Phoiblí na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus de Chomhairle ECFE i ndáil leis an dréachtMholadh maidir le comhrac na trádála neamhdhleathaí: Feabhas a Chur ar an Trédhearcacht i gCriosanna Saorthrádála |

**CINNEADH (AE) 2019/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Choiste Rialachais Phoiblí na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus de Chomhairle ECFE i ndáil leis an dréachtMholadh maidir le comhrac na trádála neamhdhleathaí: Feabhas a Chur ar an Trédhearcacht i gCriosanna Saorthrádála**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá caighdeáin idirnáisiúnta maidir le comhrac na trádála neamhdhleathaí ríthábhachtach chun cothroime iomaíochta dhomhanda a bhaint amach agus chun trádáil dhlisteanach a chothú. Ba cheart a áireamh ar na caighdeáin sin treoir a chabhraíonn le rialtais agus le lucht ceaptha beartas ina gcuid iarrachtaí trádáil neamhdhleathach a dhéantar trí chriosanna saorthrádála agus laistigh díobh a laghdú agus a dhíspreagadh, amhail mar atá sa dréachtMholadh ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir le Comhrac na Trádála Neamhdhleathaí: Feabhas a Chur ar an Trédhearcacht i gCriosanna Saorthrádála (an 'Dréachtmholadh').

(2) Rinneadh dianphlé ar an dréachtMholadh maidir le comhrac na Trádála Neamhdhleathaí i dTascfhórsa ECFE, fochomhlacht den Fhóram Ardleibhéil um Rioscaí de Choiste Rialachais Phoiblí ECFE, ar bhonn sé bliana anailíse agus comhairliúchán le saineolaithe, lena n-áirítear leis an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim agus leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála.

(3) Meastar go gcuirfear an dréachtMholadh faoi bhráid Choiste Rialachais Phoiblí ECFE ar dtús lena fhormheas agus ansin faoi bhráid Chomhairle ECFE lena ghlacadh.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Rialachais Phoiblí ECFE agus i gComhairle ECFE a bhunú ós rud é go bhféadfadh an dréachtMholadh tionchar a imirt ar an anailís riosca arna déanamh ag údaráis chustaim na mBallstát i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] i gcomhar leis an gcreat comhchoiteann bainistithe riosca i dtaca le rialú custaim. Is amhlaidh atá toisc gur táscaire riosca é neamhchomhlíonadh an chóid iompair a fhéadfaidh údaráis chustaim na mBallstát a úsáid laistigh dá gcorrlach lánroghnach chun earraí nó oibreoirí eacnamaíocha a roghnú i gcomhair rialaithe custaim i bhfianaise lastais a thagann ó na criosanna saorthrádála ábhartha nó atá tar éis idirthuras a dhéanamh trí na criosanna sin. Tá iarmhairtí leathana eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil agus fiú polaitiúla ag baint leis an trádáil neamhdhleathach agus tá sé ríthábhachtach go dtacaíonn an tAontas le glacadh an dréachtmholta i gComhairle ECFE.

(5) Is comhlacht í Comhairle ECFE a bunaíodh leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta. Tá trí Bhallstát is fiche ina mballtíortha den Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta agus tá cearta vótála acu i gComhairle ECFE. Níl an tAontas ina chomhalta de ECFE agus, dá bhrí sin, níl sé i dteideal vóta a chaitheamh nuair a bhíonn gníomhartha dlí á nglacadh ag Comhairle ECFE. Cé go gcuireann an Coimisiún seasamh an Aontais in iúl i gCoiste Rialachais Phoiblí ECFE agus i gComhairle ECFE, ba cheart na Ballstáit ar balltíortha de ECFE iad a gcearta vótála a úsáid chun seasamh a ghlacadh thar ceann an Aontais, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, i gcomhréir le seasamh an Aontais.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais laistigh de Choiste Rialachais Phoiblí ECFE agus de Chomhairle ECFE a bhunú ar an dréachtMholadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Choiste Rialachais Phoiblí ECFE agus de Chomhairle ECFE maidir le feabhas a chur ar an trédhearcacht i gcriosanna saorthrádála, beidh sé bunaithe ar an dréachtMholadh maidir le Comhrac na Trádála neamhdhleathaí: Feabhas a chur ar an Trédhearcacht i gCriosanna Saorthrádála, atá i gceangal leis an gCinneadh seo*.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais i gCoiste Rialachais Phoiblí ECFE agus i gComhairle ECFE comhaontú le mionathruithe ar an dréachtmholadh gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Glacfaidh na Ballstáit ar balltíortha de ECFE iad an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach.

* IO: Cuir isteach, le do thoil, an téacs seo a leanas ar an leathanach den leagan GA den IO a chomhfhreagraíonn don leathanach ar a bhfuil an dréachtMholadh á fhoilsiú sna teangacha eile: "Ní hann do théacs an dréachtMholta sa Ghaeilge.".

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*